

AINM:

SEOLADH:

Íocaíocht i leith Cáin Iomchuí ar Scair-Rogha, MSU agus ÁSPC

Tá an foirm seo le húsáid chun íocaíocht a dhéanamh i leith Cáin Iomchuí ar Scair-Rogha agus chun íocaíocht bainteach ar Muirear Sóisialta Uilíoch agus ÁSPC a dhéanamh chuig an Ard-Bhailitheoir maidir le gnóthachain a réadaíodh roimh an 1 Eanáir 2024. Ba chóir an foirm chomhlánaithe seo a sheoladh, in éineacht leis an íocaíocht dhlite, chuig an Ard-Bhailitheoir ag an seoladh thíos. Ní mór an Cháin Iomchuí ar Scair-Rogha a íoc tráth nach déanaí ná **30 lá** tar éis an dáta a feidhmíodh an scair-rogha. Forálann an dlí le haghaidh pionóis as loiceadh tuairisceán a thíolacadh, nó as tuairisceán bréagach a thíolacadh nó as tacú le tuairisceán bréagach a thíolacadh.

MODHANNA ÍOCAÍOCHTA

Féadtar íocaíocht a dhéanamh ar cheann amháin de na modhanna seo a leanas:

1. Seic

Ba chóir seiceanna a sheoladh, in éineacht leis an duillín pá comhlánaithe, chuig an Ard-Bhailitheoir. Ní mór gach seic a dhéanamh iníoctha leis an Ard-Bhailitheoir.

Tabhair do d'aire gur féidir le híocaíochtaí le seic níos mó ama a thógáil le próiseáil agus le nuashonrú ar do thaifead custaiméara.

Is é an bealach is tápúla agus is sábháilte chun d'íocaíocht a dhéanamh ná ar líne ag baint úsáid as ROS nó moChúrsaí.

2. Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS)

Le sonraí a fháil ar an gcaoi le híocaíochtaí a dhéanamh agus le Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim a úsáid, féach ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ag [www.revenue.ie](#) nó glaoigh ar **01 738 3699**.

3. moChúrsaí

Ar chlárú duit le haghaidh moChúrsaí beidh tú in ann íocaíochtaí a dhéanamh ar líne. Féadtar clárú le haghaidh moChúrsaí ar an nasc "Cláraigh le haghaidh moChúrsaí" ar [www.revenue.ie](#). Teastóidh do UPSP agus pasfhocal chun íocaíocht a dhéanamh. Féadtar moChúrsaí a úsáid chun íocaíocht CISR a dhéanamh ar na modhanna thíos má tá tú cláraithe cheana féin le haghaidh CISR nó má bhí tú cláraithe roimhe seo le haghaidh CISR:

- cárta dochair nó cárta creidmheasa.
- dochar aon uaire – 'Treoir DochairAonair' – ag baint úsáid as cuntas bainc.

AN TÁBHACHT LE HÍOCAÍOCHTAÍ PRASA

- Cinntigh go gcuireann tú a dhóthain ama ar leataobh – trí lá ar a laghad – le go mbainfidh d'íocaíocht oifig an Ard-Bhailitheora amach faoin dáta dlite.
- Gearrtar muirear úis ar cháin a íoc go déanach.
- Má loictear dliteanas cánach a íoc, nó íocaíocht a dhéanamh in am, féadfaidh sé go ndéanfar bailiú éigeantach tríd an Sirriam, imeachtaí Cúirte nó Fógra Astaithe.
- Tá costais ag baint le bailiú éigeantach, chomh maith le haon ús a ghearrtar.

Fiosruithe

Féadtar teacht ar m'Fhiosruithe trí ROS nó moChúrsaí agus féadtar comhfhreagras leis na Coimisinéirí Ioncaim a sheoladh agus a fháil ann ar mhodh slán.

De rogha air sin féadtar glaoch ar 01 738 3663 le haghaidh fiosruithe i dtaca le híocaíochtaí.

SEOLADH FILLTE

Seol an foirm chomhlánaithe seo ar ais, **is cuma do mhodh íocaíochta**, chuig an Ard-Bhailitheoir ag an seoladh thíos:

An tArd-Bhailitheoir, Teach an tSairséalaigh, Sráid Phroinséis, Luimneach, V94 R972

CISR, MSU agus ÁSPC

UPSP:

Is dearbhú iomlán é na méideanna a chuirtear isteach i dtaca le mo gnóthachan ar scair-rogha a fheidhmiú ar an dáta léirithe agus i dtaca le mo dliteanas i leith CISR, MSU agus ÁSPC fostaí i dtaca leis an ngnóthachan sin.

An dáta ar a feidhmíodh
an scair-rogha:

Síniú:

L L M M B B B B

Méid Iomlán an
Ghnóthachain a rinneadh
ar Scair-Rogha:

Euro iomlán amháin – ná cuir cent isteach

Dlíteanas Iomlán:

Euro iomlán amháin – ná cuir cent isteach